


Gníomhaíochtaí Daltaí: Mar a oibríonn píchairt

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach “Píchairt” ar CD an Dalta.

An Iodáil	An Fhrainc	An Phortaingéil	An Spáinn	Tíortha Eile
23	14	15	18	18



1. Cén tír is mó a bhfuil tóir uirthi do thurais scoile, i measc an ghrúpa déagóirí a cuireadh faoi agallamh? Cén fáth ar roghnaigh tú an tír áirithe sin.

2. Cén tír is lú a bhfuil tóir uirthi do thurais scoile, i measc an ghrúpa déagóirí a cuireadh faoi agallamh? Cén fáth ar roghnaigh tú an tír sin.

3. Mínigh mar a ríomhadh an céatadán 17.5 don Phortaingéil sa píchairt.

4. Ríomh an uillinn a fhreagraíonn don Fhrainc sa píchairt.

5. Cláraigh an céatadán reatha a thaispeántar ar an gcomhad idirghníomhach do gach tír sa tábla thíos.

Tábla A	An Iodáil	An Fhrainc	An Phortaingéil	An Spáinn	Eile
An céatadán bunaidh					

Anois athraigh na sonraí sa tábla sa chomhad idirghníomhach go dtí na sonraí seo a leanas:

An Iodáil	An Fhrainc	An Phortaingéil	An Spáinn	Eile
20	46	28	30	36

Anois críochnaigh an tábla seo a leanas:

Tábla B	An Iodáil	An Fhrainc	An Phortaingéil	An Spáinn	Eile
An céatadán nua					

Cuir an Céatadán Bunaidh i dTábla A i gcomparáid leis an gCéatadán Nua i dTábla B, agus inis cad a tharla don phíchairt nuair a athraíodh na sonraí. Mínigh do fhreagra.

6. Cad é an céatadán iomlán a léirítear sa píchairt? Athraigh na figiúirí sa tábla sonraí agus seiceáil an céatadán iomlán atá á léiriú sa píchairt anois. An dtugann tú aon phatrún faoi deara? Mínigh do fhreagra.

7. Dá ndéarfadh na daltaí ar fad sa sampla gurbh í an Fhrainc a rogha, tarraing píchairt a d'fheilfeadh.

8. Cad a tharlódh don píchairt dá dtabharfaí an Iorua isteach mar rogha, dá bhfanadh líon na ndaltaí arbh fhearr leo dul go dtí na tíortha ainmnithe mar a bhí, agus mura roghnódh duine ar bith díobh an Iorua?

9. Rinneadh suirbhé ar rang difriúil, rang a thug cuairt ar an bhFrainc anuraidh ar thuras scoile. Cén toradh a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar na sonraí agus ar an bpíchairt? Mínigh do fhreagra.

10. Leag amach an cheist a d'fhéadfaí a chur ar na daltaí chun na sonraí atá sa chomhad idirghníomhach a fháil.
